Straitéis na Gaeilge

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bheirt saineolaithe ag labhairt faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Sula bhféachann tú ar an mír, féach ar na téarmaí seo thíos leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad? Bígí in ann cur síos a dhéanamh orthu ar ball.

Galltacht vs. Gaeltacht
Ollamh vs. Dochtúir

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *members of the committee*
- *various reports*
- *crisis*
- *great surge*
- *comprehensive reports*
- *in his address*
- *viable / sustainable*
- *erosion*
- *density of speakers*
- *socio-economic resources*
- *unsuitable mix*
- *the most urgent needs/requirements*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a raibh an tOllamh Conchúr Ó Giollagáin agus an Dochtúir Brian Ó Curnáin os comhair Bhuanchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán?

2. Cén dá phríomhchúis a thug an Dochtúir Brian Ó Curnáin le meath na Gaeilge sa Ghaeltacht?

3. Mínigh na téarmaí seo thíos, atá mar chuid den bheartas nua a luaigh an Dochtúir Ó Curnáin.

    - Tearmann na nGael
    - Iontaobhas Pobail
    - Dáil na nGael
    - Acadamh na nGael

4. Cad iad na riachtanais is práinní a luaigh an tOllamh Ó Giollagáin?

Ceist 4 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cuirigí an t-alt roimh na hainmfhocail seo thíos a bhí le cloisteáil sa mhír, agus athraígí iad más gá. Scríobhaigí inscne an ainmfhocail in aice le gach ceann acu.

- *Galltacht*
- *bliain*
- *coiste*
- *géarchéim*
- *taighde*
- *cainteoir*
- *feidhm*
- *tearmann*
- *acmhainn*
- *comhairle*
- *polasaí*

Ceist 5 '…*is deireanaí*…' agus '*…is práinní…'*

A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail thuas?

B. Athraigh na haidiachtaí seo i ndiaidh ***is***:

- cumhachtach is _____
- suimiúil is _____
- fada is _____
- aosta is _____
- óg is _____
- úsáideach is _____
- ceanúil is _____
- deacair is _____

C. Cathain a úsáidtear ***ab*** agus ***ba*** in áit ***is***?

D. Cuir ***ab*** nó ***ba*** roimh na haidiachtaí anois agus déan cibé athrú is gá.

- cumhachtach _____
- suimiúil _____
- fada _____
- aosta _____
- óg _____
- úsáideach _____
- ceanúil _____
- deacair _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil labhairt na Gaeilge ag meath sna Gaeltachtaí, dar leat?
2. Cad eile a dhéanfá féin chun an Ghaeilge a chur chun cinn sna Gaeltachtaí?
3. Déan cur síos ar aon teanga eile, a bhfuil cur amach agat uirthi, atá ag fáil bháis.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinnfear an tuairisc, nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Bí cinnte go bhfuil na téarmaí ar eolas acu.

Galltacht – ceantar in Éirinn a bhfuil an Béarla á labhairt ann ar bhonn laethúil.
Gaeltacht – ceantar in Éirinn a bhfuil an Ghaeilge á labhairt ann ar bhonn laethúil.

Ollamh – an léachtóir is sinsearaí i roinn ollscoile.
Dochtúir – sa saol acadúil, tugtar an teideal seo ar dhuine a bhfuil céim dochtúireachta, PhD, bainte amach aige.

Ceist 2
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.
- *members of the committee* – baill an choiste
- *various reports* – tuarascálacha éagsúla
- *crisis* – géarchéim
- *comprehensive reports* – tuarascála cuimsitheacha
- *in his address* – ina aitheasc
- *viable / sustainable* – inmharthana
- *erosion* – creimeadh
- *density of speakers* – dlús cainteoirí
- *socio-economic resources* – acmhainní socheacnamaíochta
- *unsuitable mix* – meascán mífheiliúnach
- *the most urgent needs/requirements* – na riachtanais is práinní

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
An Ghalltacht (bn)
an bhliain (bn)
an coiste (fr)
an ghéarchéim (bn)
an taighde (fr)
an cainteoir (fr)
an fheidhm (bn)
an tearmann (fr)
an acmhainn (bn)
an chomhairle (bn)
an polasaí (fr)

Ceist 5
A. Sárchéim na haidiachta atá i gceist.
B.

cumhachtach	is cumhachtaí
suimiúil	is suimiúla
fada	is faide
aosta	is aosta
óg	is óige
úsáideach	is úsáidí
ceanúil	is ceanúla
deacair	is deacra

C. Úsáidtear ***ab*** agus ***ba*** san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach. Úsáidtear ***is*** san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach.

D. Úsáidtear ***ab*** roimh ghuta agus roimh **f** + guta. Úsáidtear ***ba*** roimh chonsan agus roimh **f** + consan, sa mhodh coinníollach agus san aimsir chaite. Leanann séimhiú na consain, **f** san áireamh.

cumhachtach	*ba chumhachtaí*
suimiúil	*ba shuimiúla*
fada	*ab fhaide*
aosta	*ab aosta*
óg	*ab óige*
úsáideach	*ab úsáidí*
ceanúil	*ba cheanúla*
deacair	*ba dheacra*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
'Straitéis don Ghalltacht í an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus níl aon straitéis ag an Stát don Ghaeltacht,' a dúradh ag Buanchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán tráthnóna.

D'inis an tOllamh Conchúr Ó Giollagáin agus an Dochtúir Brian Ó Curnáin do bhaill an choiste gur léir ó thuarascálacha éagsúla a foilsíodh le roinnt blianta anuas go bhfuil géarchéim sa nGaeltacht[1] ó thaobh labhairt na Gaeilge de, agus nach bhfuil an Stát ag tabhairt aghaidh ar an ngéarchéim mar ba cheart.

Caoimhe Ní Chonchoille
Coiste úrbhunaithe atá i mBuanchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán, agus os a gcomhair inniu bhí údair na dtuarascálacha cuimsitheacha is deireanaí ar staid na Gaeilge sa Ghaeltacht: an tOllamh Conchúr Ó Giollagáin agus an Dochtúir Brian Ó Curnáin.

Ina aitheasc os comhair an choiste, thug an Dochtúir Brian Ó Curnáin le fios nach raibh an Ghaeltacht mar atá sí inmharthana agus go dtarraingíonn an taighde atá déanta aird ar dhá phointe ar leith.

An Dr Brian Ó Curnáin
Tá creimeadh tréan ar dhlús na gcainteoirí Gaeilge sna pobail ina bhfuil bonn sóisialta Gaeilge go fóill, agus tá laghdú suntasach ar chumas agus ar fheidhm na Gaeilge i measc chainteoirí Gaeilge na Gaeltachta, go háirithe i measc an aosa óig.

Caoimhe Ní Chonchoille
Chuir sé beartas úr chun cinn a rachadh i ngleic leis an ghéarchéim[2] agus a bheadh bunaithe ar cheithre bhunriachtanas. Mhol sé go mbunófaí:
- struchtúr tacaíochta[3] sa Ghaeltacht, ar thug[4] sé *Tearmann na nGael* air, áit a mairfeadh agus a dtiocfadh fás ar an Ghaeilge labhartha;
- *Iontaobhas Pobail* a dhéanfadh bainistiú ar acmhainní socheacnamaíochta an phobail;
- *Dáil na nGael* a thabharfadh deis do na Gaeil fóram ceannaireachta a chur chun cinn; agus
- *Acadamh na nGael* a chuirfeadh comhairle straitéiseach ar fáil.

Ina aitheasc féin, labhair an tOllamh Conchúr Ó Giollagáin faoi na deacrachtaí a chruthaíonn meascán mífheiliúnach polasaithe. Dúirt sé fosta gur straitéis don Ghalltacht atá sa Straitéis 20 Bliain, agus go dteastaíonn ceann eile – ceann ar leith don Ghaeltacht.

An tOll. Conchúr Ó Giollagáin
Ba chóir don straitéis nua béim a chur ar na riachtanais is práinní, is é sin…is iad sin:
- Scéim Nua Labhairt na Gaeilge
- Bunscoileanna Gaeilge
- Meánscoileanna Gaeilge
- Ionaid tacaíochta do na teaghlaigh Ghaeilge
- Tacaíocht Ghaeilge d'óige na Gaeltachta agus a gcuid eagraíochtaí.

Caoimhe Ní Chonchoille
'Thabharfadh a leithéid de straitéis misneach don phobal,' a dúirt sé.

Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4.

---

[1] Córas Chonnacht
[2] Córas Uladh
[3] *thacaíochta* a deirtear
[4] *a dtug* a deirtear